Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Nollaig 2024**
**(OR. en)**

**16801/24**

**VISA 185**
**ASILE 128**
**MIGR 460**
**FRONT 337**
**IXIM 264**
**COMIX 507**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 16195/24 |
| Ábhar: | I dtreo cur chuige níos straitéisí i ndáil le beartas víosaí an Aontais – Conclúidí ón gComhairle (12 Nollaig 2024) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le 'I dtreo cur chuige níos straitéisí i ndáil le beartas víosaí an Aontais', a d'fhormheas an Chomhairle (Ceartas agus Gnóthaí Baile) an 12 Nollaig 2024.

**IARSCRÍBHINN**

**Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le**

**I dtreo cur chuige níos straitéisí i ndáil le beartas víosaí an Aontais**

1. Trí rialú a dhéanamh ar theacht isteach náisiúnach tríú tír i limistéar Schengen agus trí thaisteal dlisteanach a éascú, tá ról bunúsach agus príomha ag beartas víosaí an Aontais maidir le sláine limistéar Schengen a chosaint agus maidir lena athléimneacht i leith dúshláin imirce agus slándála a fheabhsú.

   Ag an am céanna, tá ról tábhachtach ag an mbeartas víosaí i gcaidreamh idirnáisiúnta an Aontais agus tá luach suntasach ag baint leis do thríú tíortha agus don Aontas araon trí thaisteal a éascú, teagmhálacha duine le duine a chothú, chomh maith le turasóireacht agus fás eacnamaíoch a chur chun cinn.

   Sa chomhthéacs geopholaitiúil níos leithne, is féidir leis feabhas a chur ar chomhar níos cothroime le tíortha comhpháirtíochta faoi chuimsiú comhpháirtíochtaí cuimsitheacha, lena dtacaítear le leasanna an Aontais agus na tionchair a d’fhéadfadh a bheith ann, go háirithe ar shreabha imirce agus ar ábhair imní slándála, á gcur san áireamh go cúramach ag an am céanna. Aithníonn an Chomhairle ról an bheartais víosaí san idirphlé comhpháirtíochta maidir leis an imirce, lena spreagtar na tíortha tionscnaimh agus idirthurais chun tabhairt faoi athchóirithe, dlús a chur leis na hiarrachtaí ar an imirce neamhrialta a chomhrac agus a mbeartais a ailíniú le rialacha imirce agus víosaí an Aontais.

2. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir go dtabharfar aird iomlán ar ghnéithe a bhaineann leis an imirce agus leis an tslándáil inmheánach agus aghaidh á tabhairt ar ábhair a bhaineann le víosaí sa Chomhairle, go háirithe i réimse an bheartais gnóthaí eachtracha. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá cur chuige straitéiseach maidir le beartas víosaí, inar cheart leasanna na réimsí ábhartha uile a chur san áireamh agus cinntí á ndéanamh, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) agus leis an gComhairle, chun beartas inbhuanaithe víosaí a choinneáil ar bun amach anseo. Tá sé bunriachtanach cinntí maidir le léirscaoileadh nó éascú víosaí a cheapadh agus a ghlacadh ionas nach gcruthófar aon bhaol slándála ná imirce.

I ndáil leis an méid sin, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá don Aontas cur chuige uile-rialtais a chur i bhfeidhm, lena n-áiritheofar go mbeidh comhlachtaí ullmhúcháin ábhartha uile na Comhairle rannpháirteach agus agus go gcuirfear san áireamh na himpleachtaí beartais uile – agus go háirithe na cinn sin a bhaineann le ceartas agus gnóthaí baile – go hiomlán i ngach céim den phróiseas nuair a bheidh idirphlé maidir le léirscaoileadh víosaí le tríú tír nó cinneadh maidir le léirscaoileadh víosaí á mheas. Áirítear leis sin tagarmharcanna a fhorbairt ar bhealach trédhearcach chun a áirithiú go dtabharfar aghaidh mar is ceart ar ábhair imní a bhaineann leis an mbeartas eachtrach agus leis an tslándáil inmheánach agus leis an imirce araon.

3. Is pribhléid do náisiúnaigh tríú tíortha é taisteal gan víosa chuig an Aontas, rud a chruthaíonn tairbhí dóibh agus freagrachtaí dóibh freisin agus, ag an am céanna, is ionstraim chumhachtach de chuid an Aontais é nach mór a úsáid ar bhealach níos straitéisí. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfaidh tríú tíortha a fuair díolúine ó víosaí trí idirphlé maidir le léirscaoileadh víosaí na tagarmharcanna bunaithe a chomhlíonadh go leanúnach, chun a bheith cuntasach i gcónaí. Ina theannta sin, na tríú tíortha uile a thairbhíonn de rochtain gan víosa ar an Aontas, ní mór dóibh na critéir maidir le díolúine ón gceanglas víosa i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1806 a chomhlíonadh ar bhonn leanúnach.

4. Is díol sásaimh don Chomhairle iarrachtaí taidhleoireachta agus rannpháirtíocht ghníomhach an Choimisiúin agus SEGS maidir le cómhalartacht víosaí a athbhunú le tríú tíortha atá saor ó víosaí. Sa chomhthéacs sin, tá sé bunriachtanach stádas gan víosa na mBallstát a chaomhnú. Ina theannta sin, i bhfianaise an chaidrimh fhoriomláin le tríú tíortha agus leas an Aontais, cuireann an Chomhairle in iúl gur spéis léi go mór cóir chomhionann agus chothrom a áirithiú do shaoránaigh uile an Aontais agus iad ag taisteal chuig tríú tíortha.

5. Cé go n-aontaíonn na Ballstáit go bhfuil comhaontuithe um eisiúint víosaí a éascú fós ina n-ionstraimí ríthábhachtacha i gcaidreamh an Aontais le tríú tíortha, athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil béim níos mó á leagan ar a n-úsáid straitéiseach sa chaidreamh seachtrach, go háirithe mar mhodh chun cuspóirí níos leithne de chuid an Aontais a bhaint amach i réimsí beartais eile, go háirithe i gcomhthéacs an bheartais um athligean isteach. D'fhéadfaí an cuspóir sin a bhaint amach trí chomhaontuithe saincheaptha le coinníollacha tírshonracha amach anseo, rud a fhónfadh do leasanna an Aontais. Níor cheart comhaontuithe um eisiúint víosaí a éascú a mheas, áfach, mar chéad chéim réamhchinntithe i dtreo léirscaoileadh víosaí, ach mar chinntí neamhspleácha iontu féin. Thairis sin, mar réamhchoinníoll, ba cheart leanúint den chleachtas reatha maidir le comhaontuithe um athligean isteach a thabhairt i gcrích i gcomhthráth le héascú víosaí a dheonú, ar gné ríthábhachtach den phróiseas é.

6. Chun comhleanúnachas agus inbhuanaitheacht bheartas víosaí an Aontais a chur chun cinn, ba cheart don Aontas díriú go príomha ar úsáid éifeachtúil éifeachtach a bhaint as na huirlisí atá ann cheana agus iad a neartú agus a fheabhsú a thuilleadh. Áirítear orthu sin, *inter alia*, an sásra lena gcuirtear tarscaoileadh víosaí ar fionraí, sásra Airteagal 25a den Chód Víosaí, an úsáid is fearr is féidir a bhaint as an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS), agus córais faisnéise an Aontais a chur chun feidhme gan uaim.

   Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé an Córas Dul Isteach/Imeachta (EES), an Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus VIS athbhreithnithe a chur chun feidhme go tráthúil agus go héifeachtach. Tá oibriú iontaofa na gcóras faisnéise sin go léir ríthábhachtach chun slándáil teorann a neartú agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin don tslándáil inmheánach agus ar dhúshláin maidir leis an imirce, lena n-áirítear mí-úsáid taistil gan víosa agus rófhanacht. Cuideoidh meastóireacht ar fheidhmiú na gcóras sin, faoi chuimsiú na hidir-inoibritheachta, le freagairtí níos éifeachtaí ón Aontas a cheapadh ar dhúshláin a bheidh ann amach anseo.

Cuireann an Chomhairle chun suntais freisin an reachtaíocht fhairsing a glacadh i ndáil leis na córais faisnéise sin agus a cur chun feidhme sna blianta atá le teacht, lena n-áirítear digiteáil nósanna imeachta víosaí Schengen. Leis na treochtaí digiteála leanúnacha, mar aon le cur chun feidhme an chreata idir-inoibritheachta, lena n-áirítear measúnú riosca uathoibrithe agus brath ilchéannachtaí, soláthrófar raon níos leithne faisnéise maidir le taistealaithe. Cuirfidh na sonraí feabhsaithe sin a thuilleadh leis na nósanna imeachta maidir le víosaí, rud a d'fhéadfadh mí-úsáid a bhrath agus a laghdú agus tacú le plé agus faireachán faoin sásra fionraíochta víosaí.

7. Tá an Chomhairle ag tnúth leis an sásra athbhreithnithe fionraíochta víosaí a ghlacadh go luath, lena gcuirfear ar chumas an Aontais aghaidh a thabhairt ar mhí-úsáid na gcóras taistil gan víosa, lena n-áirítear go háirithe mí-úsáidí ag náisiúnaigh tríú tír gan víosa a bhfuil iarratas á dhéanamh acu ar chosaint idirnáisiúnta. Chuir an Chomhairle in iúl freisin go dtacaíonn sí le neartú a dhéanamh ar an bhfaireachán agus ar an tuairisciú a dhéantar ar thríú tíortha a bhaineann tairbhe as rochtain gan víosa ar an Aontas. Beidh an grinnscrúdú feabhsaithe sin tábhachtach chun dúshláin a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint agus chun aghaidh a thabhairt orthu agus cuideoidh sé le hAontas Eorpach níos sláine agus níos athléimní a bhaint amach.

8. Cuireann an Chomhairle i dtreis, sa bhreis ar an athbhreithniú ar an sásra fionraíochta víosaí a ghlacadh go pras, nach mór don Aontas a bheith ar an airdeall i gcónaí maidir leis na dúshláin atá ann cheana agus na dúshláin atá ag teacht chun cinn, agus é mar aidhm aige mí-úsáid chóras víosaí an Aontais a chosc. Ní mór faireachán córasach a dhéanamh ar na dúshláin sin agus aghaidh a thabhairt orthu, go háirithe chun a áirithiú nach mbeidh tíortha atá díolmhaithe ó cheanglas víosa ina moil don imirce neamhrialta. I ndáil leis an méid sin, tá sé práinneach agus bunriachtanach go ndéanfaidh tríú tíortha, go háirithe iad siúd atá i gcomharsanacht an Aontais, an beartas víosaí a ailíniú le córas víosaí an Aontais, chun mí-úsáid a d'fhéadfadh a bheith ann a laghdú agus chun inbhuanaitheacht an chórais taistil gan víosa idir an tAontas agus na tíortha sin a áirithiú. Tá ailíniú beartais víosaí chomh tábhachtach céanna i gcás tríú tíortha a chuaigh i mbun idirphlé leis an Aontas maidir le léirscaoileadh víosaí, lena n-áirítear an tagarmharc seo. Cé gur cheart don Aontas leanúint den fhor-rochtain taidhleoireachta agus de theagmhálacha ardleibhéil le tríú tíortha, tá sé ag súil le gealltanas follasach uathu na bearta is gá a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar mhí-úsáidí.

9. Aithníonn an Chomhairle gur cheart don Aontas céimeanna breise a ghlacadh chun an baol go mbainfidh iarrthóirí tearmainn mí-úsáid as víosaí a mhaolú. Chun laghdú a dhéanamh ar na cásanna ina dtaisceann náisiúnaigh tríú tír iarratais ar thearmann tar éis dóibh dul isteach i limistéar Schengen le víosa agus chun sonraí staidrimh níos cuimsithí a bheith acu maidir leis an bhfeiniméan sin, leagann an Chomhairle béim ar an ngá atá le VIS a cheadú go córasach i nósanna imeachta tearmainn agus le sainaithint rathúil tearmainn a thaifeadadh. Áirithítear leis an gcleachtas sin go ndéantar stair víosaí na n-iarratasóirí a mheas go leordhóthanach agus go neartaítear leis acmhainneacht an Aontais iarratais ar thearmann a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtaí. Is gnéithe riachtanacha iad comhar agus comhroinnt sonraí níos dlúithe idir údaráis víosaí agus tearmainn, lena gcothaítear malartú taithí chomh maith le comhtháthú agus anailís ar na sonraí ábhartha ar leibhéal an Aontais chun bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar thearmann.

Sa chomhthéacs sin, tá sé ríthábhachtach freisin go gcuirfidh an Eurodac athbhreithnithe creat cuí ar fáil chun raon leathan sonraí maidir le hiarrthóirí tearmainn a stóráil a luaithe is féidir. Chun na críche sin, iarrann an Chomhairle go leanfaí de VIS athbhreithnithe a chur chun feidhme in éineacht le Eurodac, chun a áirithiú go ndéanfar faisnéis faoi iarratasóirí ar víosaí a chomhroinnt go héifeachtúil i measc na mBallstát, chun cuidiú le dúshláin slándála agus imirce a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint agus chun staidreamh traschórais a chumasú. San fhadtéarma, soláthróidh an Lárstóras um Thuairisciú agus Staidreamh (CRRS) an staidreamh gaolmhar laistigh den chreat idir-inoibritheachta. Go dtí go mbainfear an méid sin amach, áfach, molann an Chomhairle don Choimisiún féachaint an bhféadfaí úsáid níos fearr a bhaint as acmhainneacht eu-LISA chun sonraí staidrimh a sholáthar, lena n-áirítear anailís a dhéanamh ar na sonraí comhroinnte, rud a d'fhéadfadh cabhrú le treochtaí atá ag teacht chun cinn a shainaithint agus anailís riosca a fheabhsú.

10. Rannchuidíonn córas dea-fheidhmiúil um fhilleadh agus um athligean isteach leis an imirce neamhrialta a chomhrac. Gné ríthábhachtach is ea úsáid éifeachtach shásra Airteagal 25a den Chód Víosaí chun feabhas a chur ar an gcomhar le tríú tíortha maidir le hathligean isteach. Agus aitheantas á thabhairt aici do na hiarrachtaí taidhleoireachta agus oibríochtúla a rinne an Coimisiún, SEGS agus na Ballstáit, agus le spreagadh chun seasamh leis an dinimic fhabhrach a tugadh isteach sa sásra, cuireann an Chomhairle i dtreis gur cheart, agus solúbthacht á coinneáil, cur chun feidhme an phróisis a bharrfheabhsú a thuilleadh chun sásra níos cumhachtaí agus níos inchreidte a fhorbairt. Agus measúnú á dhéanamh ar na tríú tíortha lena mbaineann, ba cheart bagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann ar an ord poiblí agus ar an tslándáil inmheánach óna náisiúnaigh a bhfuil sé d'oibleagáid orthu filleadh a mheas freisin. Tá sé tábhachtach go ndéanfaidh na tríú tíortha lena mbaineann gach iarracht a leibhéal comhair a mhéadú, go háirithe maidir lena náisiúnaigh féin a athligean isteach agus na gealltanais uile faoi na comhaontuithe nó na socruithe faoi seach um athligean isteach a chomhlíonadh. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá teachtaireacht shoiléir aontaithe a chur in iúl do thríú tíortha go gcuirfear bearta breise chun feidhme mura dtiocfaidh feabhas ar an gcomhar laistigh de thréimhse réasúnta ama. Sa chomhthéacs sin, níor cheart a chur as an áireamh go bhféadfaí féachaint an bhféadfaí athchóiriú reachtach a dhéanamh amach anseo ar shásra Airteagal 25a.

11. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur gá an reachtaíocht atá ann cheana maidir le víosaí a chur i bhfeidhm ar bhealach níos comhchuibhithe, agus go háirithe go gcuirfidh na Ballstáit uile an Cód Víosaí chun feidhme go críochnúil. Is uirlis thábhachtach í an oiliúint chun é sin a bhaint amach, agus ba cheart do na Ballstáit úsáid Oiliúint an Chóid Víosaí (VCT) a spreagadh. Chun cur chun feidhme comhchuibhithe a bhaint amach, déanfar bearta breise chun na deiseanna le haghaidh 'siopadóireacht víosaí' a laghdú, go háirithe trí chomhar áitiúil Schengen a bheidh níos láidre agus comhordaithe ar bhealach níos fearr.

12. De réir mar a thagann athrú ar phatrúin imirce agus de réir mar a mhéadaíonn castacht na soghluaisteachta domhanda, ní mór don Aontas a iarrachtaí comhchoiteanna a neartú chun a theorainneacha seachtracha agus sláine limistéar Schengen a chosaint. Aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar bheartas víosaí an Aontais chun slándáil Schengen a neartú agus tacú le creat beartais imirce an Aontais. Trí chur chuige iomlánaíoch réamhbhreathnaitheach a ghlacadh, is féidir leis an Aontas dul in oiriúint ar bhealach níos fearr do dhinimic athraitheach na himirce, dúshláin láithreacha imirce agus slándála agus mí-úsáid an chórais víosaí a chosc agus freagairt orthu. Is díol sásaimh don Chomhairle tiomantas an Choimisiúin straitéis de chuid an Aontais a fhorbairt maidir le beartas víosaí a fhreagraíonn ar na dúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo.